Ábhar:

ROLLÚ OSCAILTE I MBUNSCOILEANNA SOCRUITHE LE HAGHAIDH IONTRÁLACHA I MEÁN FÓMHAIR 2012

Uimhir an Chiorcláin:
2011/13

Dáta Eisiúna
4 Deireadh Fómhair 2011

Spriocléitheoirí:

- Príomhoidí agus Boird Gobharnóirí i ngach Bunscoil Dheontaschúnta; Naíscoileanna agus Ranna Ullmhúcháin na Scoileanna Gramadaí;
- Boird Oideachais agus Leabharlann; agus
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil
- Foireann Feidhmithe an Údaráis Oideachais agus Scileanna

Feasacht Gobharnóirí:
Riachtanach

Achoimre:

Tá na socruithe le haghaidh iontráil daltaí ar bhunscoileanna deontaschúnta faoi rollú oscailte leaghta amach sa Chiorclán seo do Phríomhóidí agus do Bhoird Gobharnóirí.

Tá clár ama don bhliain 2012/13 leagtha amach in Iarscríbhinn 1.

Tabhair do d'aire, le do thoil: Tá tagairtí sa téacs thíos do na Boird Oideachais agus Leabharlann (BOLanna) agus Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil (CCMS). Ba chóir glacadh le gach tagairt sa chiorclán seo do na BOLanna agus do CCMS mar shocruithe a bhainfidh leis an ÚOS nuair a thiocfaidh ann dó.

Stádas an Ábhair:
Comhairle do Phríomhoidí agus do
Bhoird Gobharnóirí:

Cáipéisí Gaolmhara:
Ciorclán 2011/01
Ciorclán 1990/27
Ciorclán 2011/20

Cáipéisí Dímholta:
Ciorclán 2008/15
Ciorclán 2009/06
Ciorclán 2010/11

Dáta Éaga:
Níl Bainteach

Fiosrúcháin:
Ba chóir aon fhiosrúchán faoina bhfuil sa Chiorclán seo a sheoladh chuig:

An tUasal David Armstrong
Foireann Rochtain Scoile
An Roinn Oideachais
Teach Ráth Giall
43 Bóthar Bhaile Aodha
BEANNCHAR
Contae an Dúin
BT19 7PR

Guthán: 028 9127 9290
Facs: 028 9127 9417

Ríomhphost:
david.armstrong@deni.gov.uk

Láithreán Gréasáin na RO:
www.deni.gov.uk

ROLLÚ OSCAILTE I MBUNSCOILEANNA

Clár	Leathanach
INTREOIR	1
ACHOIMRE	1
CUR I BHFEIDHM AN CHIORCLÁIN	2
RÓL NA ROINNE	2
POLASAÍ MAIDIR LE MÉID NA RANGANNA	2
LÍON ROLLAITHE AGUS IONTRÁLACHA SCOILE	3
COMHAIRLIÚCHÁN AR LÍON ROLLAITHE AGUS IONTRÁLACHA	3
LÍON ROLLAITHE	4
LÍON IONTRÁLACHA	5
ATHRÚ SEALADACH AR LÍON ROLLAITHE AGUS IONTRÁLACHA	5
ATHBHREITHNIÚ SUBSTAINTEACH AR LÍON ROLLAITHE AGUS IONTRÁLACHA	6
IONTRÁIL PÁISTÍ SEACHAS IAD SIÚD ATÁ SA GHNÁTH-AOISGHRÚPA	7
2012/13 LÍON ROLLAITHE AGUS IONTRÁLACHA	7
SOCRUITHE NA MBORD OIDEACHAIS AGUS LEABHARLANN LE TUISMITHEOIRÍ A CHUMASÚ A ROGHA A CHUR IN IÚL I DTACA LEIS AN BHUNSCOIL AR MIAN LEO GO BHFREASTLÓDH A BPÁISTE UIRTHI	7
FOIRMEACHA IARRATAIS	7
FOILSIÚ EOLAIS	8
CRITÉIR IONTRÁLA	9
SOCRÚ NA GCRITÉAR	11
CUR I BHFEIDHM NA GCRITÉAR	11
IARRATAIS Á MEAS AG SCOILEANNA	12
IONTRÁIL PÁISTÍ ATÁ FAOIN AOIS ÉIGEANTACH SCOILE	12
ACHOMHAIRC	13
CLÁR AMA	14
SOCRUITHE IOMPAIR	14
IARSCRÍBHINN 1– CLÁR AMA	15

INTREOIR

1. Leagann **Cuid III den Ordú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 1997** amach na riachtanais reachtúla d'iontráil daltaí ar scoileanna deontaschúnta faoi rollú oscailte. **Beidh na príomhshocruithe a bhí i bhfeidhm don scoilbhliain 2011/12 ag leanúint ar aghaidh.** Cuireann siad socruithe oscailte agus soiléire ar fáil do chinntí ar iarratais agus iontrálacha atá le déanamh ag tuismitheoirí agus ag scoileanna. Tá ról lárnach ag Boird Oideachais agus Leabharlann, áfach, sa mhéid is go dtiteann sé fúthu na socruithe a dhéanamh le tuismitheoirí a chumasú a roghanna a chur in iúl i dtaca leis an bhunscoil ar mian leo go ndéanfadh a bpáiste freastal uirthi agus, lena chois sin, poiblíocht a thabhairt do na socruithe a bheidh i bhfeidhm.

2. Tá sé tábhachtach a thabhairt do d'aire go mb'fhéidir go mbeadh sé de dhualgas ar scoileanna eolas atá istigh in iarratais iontrála a fhíorú má tá siad le cinntiú go bhfuil a gcritéir iontrála á gcur i bhfeidhm mar is ceart. Le níos mó comhairle agus eolais a fháil ar an dualgas atá ar scoileanna maidir le hábhar a fhíorú, ba chóir an ciorclán seo a léamh in éineacht le Ciorclán 2011/20, rud a chuireann comhairle ar phríomhoidí agus ar Bhoird Gobharnóirí maidir leis an dualgas atá orthu eolas atá istigh in iarratais a fhíorú.

ACHOIMRE

3. Tá na príomhghnéithe a bhaineann le rollú oscailte i mbunscoileanna mar seo a leanas:-

i. cinneann **an Roinn** an t-uaslíon rollaithe agus iontrálacha do gach scoil.

ii. Déanann **Boird Oideachais & Leabharlann** socruithe le tuismitheoirí a chumasú a rogha a chur in iúl i dtaca leis an bhunscoil ar mian leo go bhfreastlódh a bpáiste uirthi;

iii. tá sé de cheart ag **tuismitheoirí:-**

- a rogha a chur in iúl i dtaca leis an bhunscoil ar mian leo go ndéanfadh a bpáiste freastal uirthi; agus

- achomharc a dhéanamh chuig binse neamhspleách achomhairc <u>má</u> shíleann siad nár chuir an scoil a gcritéir iontrála i bhfeidhm nó má shíleann siad nár chuir siad i bhfeidhm mar is ceart iad;

iv. tá ceanglas ar **scoileanna**:-

- glacadh le daltaí suas go dtí a líon iontrálacha [féach paragraif 8 go 11 ar an pholasaí maidir le Méid na Ranganna];

- cloí le rogha atá curtha in iúl ag tuismitheoir d'iontráil páiste go bliainghrúpa (seachas an ceann a dtagraíonn an líon iontrálacha dó) más rud é nár baineadh amach líon rollaithe na scoile, ach amháin i gcás go ndéanfadh sé sin dochar d'úsáid éifeachtúil acmhainní (féach fosta paragraf 60);

- na critéir a fhoilsiú a úsáidfidh siad le daltaí a roghnú i gcás go bhfuil siad ro-shuibscríofa. Ní mór do na critéir sin bheith ábalta daltaí a roghnú síos

go dtí an áit dheireanach atá ar fáil agus ní féidir le critéir ord roghanna na dtuismitheoirí a chur san áireamh, .i. níl "chéad rogha" srl. ceadmhach; agus

- tús áite a thabhairt do chónaitheoirí Thuaisceart Éireann.

3.1 Ba chóir do thuismitheoirí a thabhairt dá n-aire go bhféadfadh le hathruithe i bpolasaí na Roinne nó coigiltis sa bhuiséad iompair critéir cháilitheachta iompair, teidlíocht agus socruithe, a athrú fad is go bhfuil a bpáiste ag freastal ar scoil áirithe agus ba chóir dóibh sin a chur san áireamh agus scoil á roghnú acu.

CUR I BHFEIDHM AN CHIORCLÁIN

4. Bainfidh na socruithe atá leagtha amach sa Chiorclán seo le hiontrálacha ar bhunscoileanna don scoilbhliain 2012/13 agus do na blianta amach romhainn. Beidh siad i bhfeidhm d'iontráil páistí nach bhfuil íosteorainn na haoise éigeantaí scoile bainte amach acu mar aon leo siúd a bhfuil an aois chuí bainte amach acu, agus le hiontráil páistí atá ar an rolla cheana féin i rang naíscoile atá ceadaithe ag scoil.

5. Ní bhaineann na socruithe seo le hiontrálacha ar naíscoileanna, ar ranganna naíscoile i mbunscoileanna (tugtar aonad nó sciathán naíscoile orthu in amanna), nó le ranna ullmhúcháin i scoileanna gramadaí. Féach, áfach, paragraf 59 i dtaca le ranganna naíscoile i mbunscoileanna.

RÓL NA ROINNE

6. Tá an líon iontrálacha agus rollaithe do gach scoil leagtha amach ag an Roinn Oideachais de réir Airteagal 11 agus 12 den Ordú Oideachais 1997. Rachaidh an Roinn i gcomhairle leis an Bhord Gobharnóirí i ngach scoil i dtaca leis an líon iontrálacha agus rollaithe atá beartaithe ag tús na scoilbhliana roimhe sin. (Féach fosta paragraif 12 go 38 le haghaidh sonraí maidir leis an dóigh a gcinntear líon ar leith).

7. Cuirfear an líon iontrálacha agus rollaithe atá beartaithe do gach scoil ar fáil don Bhord Oideachais agus Leabharlann chuí (BOL) agus i gcás scoileanna Caitliceacha faoi chothabháil, cuirfear ar fáil do Chomhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil (CCMS) é. Beidh deis ag na BOLanna agus ag CCMS, más cuí, tuairimí a chur in iúl don Roinn i dtaca le líon iontrálacha agus rollaithe scoileanna aonair.

POLASAÍ MAIDIR LE MÉID NA RANGANNA

8. Le héifeacht ón scoilbhliain 1999/2000, bhí bunús reachtúil ag polasaí an Rialtais gur chóir go mbeadh gach rang i mBonnchéim agus in Eochairchéim 1 (Bliain 1-4) teoranta go dtí uasmhéid de 30 dalta. Tá ceanglas ar scoileanna cloí leis an teorainn reachtúil, faoi réir aon éisceachtaí arna gceadú ag na Boird Oideachais agus Leabharlann. Eisíodh Ciorclán 2011/01 i mí Feabhra 2011 agus chuir sé i gcuimhne do scoileanna an fhreagracht reachtúil atá orthu agus mhínigh sé na cúinsí ina mbeadh scoil i dteideal maoiniú breise lena chinntiú go bhfuil na rialacháin á gcur i bhfeidhm.

9. Tig le Boird Oideachais agus Leabharlann eisceachtaí ar an teorainn reachtúil a cheadú. Tá na cúinsí ina gceadaítear eisceachtaí ar an teorainn reachtúil srianta go mór, m.sh. nuair a ligtear páiste isteach i scoil i ndiaidh cinnidh de chuid Binse Achomhairc iontrálacha, nó i gcás go mbeadh caiteachas míréasúnta ann dá gcloífí leis an pholasaí maidir le méid na ranganna.

10. Baineann an polasaí leis an Bhonnchéim agus le hEochairchéim 1 (Bliain 1 go 4) agus leanfaidh an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar mhéid na ranganna lena chinntiú go leanfaidh gach bunscoil le riachtanais an bheartais a shásamh.

11. Ba chóir do scoileanna a thabhairt dá n-aire má rollaíonn scoil rang de níos mó ná 30 dalta sa Bhonnchéim agus in Eochairchéim 1 sa scoilbhliain 2012/13 gan chead ón bhord, b'fhéidir go mbeadh breithniú le déanamh ar rátáil nialasach daltaí breise mar sin chun críocha LMS.

LÍON ROLLAITHE AGUS IONTRÁLACHA SCOILE

12. **Líon rollaithe scoile** = **uasmhéid** na ndaltaí is féidir bheith rollaithe in aon scoilbhliain.

Líon iontrálacha scoile = **uasmhéid** na ndaltaí is féidir ligean isteach in aon scoilbhliain sa ghnáth-aoisghrúpa d'iontráil na ndaltaí ar an scoil.

13. Ní thig le scoileanna dul thar a líon rollaithe nó iontrálacha **gan sainchead** na Roinne, ach amháin i gcás go bhfuil siad ag glacadh le páiste:

- a bhfuil an Roinn ag coinneáil ráiteas sainriachtanais oideachais ina leith;
- atá faoi réir ordú freastail scoile;
- i gcás gur tugadh ordú faoi Airteagal 42 den Ordú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 1996 glacadh le páiste chuig scoil shonraithe; nó
- i gcomhlíonadh le cinneadh Binse Achomhairc.

COMHAIRLIÚCHÁN AR LÍON ROLLAITHE AGUS IONTRÁLACHA

14. Cuireann **Airteagal 10, 11, agus 12 den Ordú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 1997** ceanglas ar an Roinn líon rollaithe agus líon iontrálacha faoi seach a chinneadh do gach bunscoil, i gcomhairle le Boird Gobharnóirí agus i ndiaidh di aon uiríoll a mheas a rinne an CCMS agus na Boird Oideachais agus Leabharlann i dtaca leis na **scoileanna uile ina limistéar.**

15. Agus í ag socrú líon rollaithe do scoil, tá ceanglas ar an Roinn na pointí seo a leanas go háirithe a chur san áireamh:

- na ceanglais i dtaca le háitreabh scoile faoi Airteagal 18 den Ordú Oideachais agus Leabharlann (Tuaisceart Éireann) 1986 (arna leasú); agus
- an chóiríocht atá ar fáil do dhaltaí le húsáid ag an scoil.

16. Agus í ag socrú líon rollaithe do scoil, tá ceanglas ar an Roinn na pointí seo a leanas go háirithe a chur san áireamh:

- ceanglais Airteagal 18 d'Ordú 1986 (arna leasú);
- ceanglais Airteagal 16 d'Ordú 1998 (arna leasú); agus

- líon rollaithe na scoile.

LÍON ROLLAITHE

17. Cinnfidh an Roinn an líon rollaithe do gach scoil, ag cur san áireamh an chóiríocht teagaisc atá ar fáil do dhaltaí le húsáid. Is iad na seomraí nach gcuirtear san áireamh iad siúd nach bhfuil fóirsteanach chun críocha teagaisc, ar nós:-

- seomraí atá de dhíth le haghaidh stórála agus ceantair atá de dhíth le haghaidh cúrsaíochta;
- Oifig an Phríomhoide, oifig ghinearálta, seomra foirne, seomra míochaine srl;
- seomraí atá tógtha nó curtha in oiriúint ar dhóigh nach bhfuil fóirsteanach, nó atá curtha ar fáil faoi choinne imeachtaí eile seachas gnáthimeachtaí teagaisc, lena n-áirítear hallaí Tionóil/Corpoideachais; agus
- seomraí agus ceantair atá in úsáid ag aonaid naíscoile agus ag aonaid speisialta.

18. Agus an chóiríocht atá ar fáil á meas, cuirtear san áireamh an fíorspás urláir atá ar fáil chun críocha teagaisc; baintear an méid atá curtha ar leataobh le haghaidh stórála laistigh de gach seomra as achar foriomlán an tseomra.

19. Ríomhtar líon rollaithe scoile in dhá chéim:-

i. glactar le gach seomra a bhfuil **50m^2** nó níos mó ar fáil ann, chun críocha teagaisc, mar áit a bhfuil spás ann do 29 dalta; agus

ii. i gcás seomraí a bhfuil níos lú ná **50m^2** ar fáil ann, chun críocha teagaisc, comhbhailítear achar iomlán na seomraí sin (seachas stóráil) agus roinntear faoi 1.72 é. Is é an figiúr a fhaightear ansin, slánaithe síos go dtí an tslánuimhir is giorra, acmhainn iomlán na seomraí sin.

Is é iomlán i. agus ii. líon rollaithe na scoile.

20. Ba chóir a thabhairt do d'aire gurb é sin an modh le líon rollaithe scoile a chinneadh amháin. Faoi Phríomhoidí scoileanna atá sé go fóill líon na ndaltaí i ngach rang sa scoil a chinneadh, ag cur san áireamh an chóiríocht atá ar fáil, riachtanais na ndaltaí, imscaradh foirne teagaisc agus an polasaí maidir le méid na ranganna in Eochairchéim 1.

21. Má tá an líon rollaithe a chinntear faoin mhodh seo níos lú ná líon na ndaltaí atá rollaithe, cinnfidh an Roinn an líon rollaithe i dtaca le Meán Fómhair 2012 ag cur san áireamh an líon rollaithe ceadaithe do Mheán Fómhair 2011, an chóiríocht atá ar fáil chun críocha teagaisc agus sainchúinsí na scoile.

22. Féachfaidh an Roinn le bheith chomh solúbtha agus is féidir agus í ag cinneadh líon rollaithe scoileanna amach anseo a bhfuil a líon rollaithe reatha níos mó ná a líon rollaithe bunaithe ar chóiríocht. Beidh sí ag iarraidh bheith sásta go bhfuil an líon rollaithe a chinnfidh sí ag teacht le hacmhainn na cóiríochta chun na heispéiris oideachais a chur ar fáil atá de dhíth mar pháirt den churaclam reachtúil.

23. I líon beag scoileanna, déanfaidh an Roinn an chóiríocht atá ar fáil a mheas go cúramach i bpáirtíocht le treochtaí rollaithe agus leis an chóiríocht agus rollú ag scoileanna in aice láimhe. Nuair a bhíonn áiteanna malartacha ar fáil, b'fhéidir go gceapfadh an Roinn go bhfuil gá le coigeartú céimnithe a dhéanamh ar an líon rollaithe, a dhíorthófaí trí úsáid a bhaint as an mhodh bunaithe ar chóiríocht atá leagtha amach in paragraf 19.

24. Bheadh an Roinn ábalta sin a bhaint amach trí:-

i. úsáid a bhaint as na modhanna bunaithe ar chóiríocht le treoir a bhunú do líon rollaithe na scoile; agus

ii. scrúdú a dhéanamh ar shainchúinsí na scoile go rialta agus trí líon iontrálacha a leagan síos le líon na ndaltaí rollaithe agus an líon rollaithe a alíniú a luaithe agus is féidir an méid sin a bhaint amach go praiticiúil.

25. Dhéanfaí athbhreithniú ar an staid i bhfianaise aon athrú ar an chóiríocht atá ar fáil sa scoil.

LÍON IONTRÁLACHA

26. De ghnáth cinnfear líon iontrálacha scoile trína líon rollaithe ceadaithe a roinnt faoi líon na mbliainghrúpaí páistí atá ag aois éigeantach scoile sa scoil. I gcás fhormhór na mbunscoileanna beidh 7 mbliainghrúpa acu, ach, más scoil naíonán nó scoil shóisearach í an scoil, beidh 3 agus 4 bhliainghrúpa ann faoi seach. De réir mar is cuí, cuirfidh an Roinn líon iontrálacha scoile in oiriúint le cur i bhfeidhm an pholasaí maidir le méid na ranganna a éascú.

ATHRÚ SEALADACH AR LÍON ROLLAITHE AGUS IONTRÁLACHA

27. Gan dabht, beidh athruithe ann ó bhliain go bliain i líon na ndaltaí atá ag iarraidh iontráil ar scoileanna. Ní bheadh sé réalaíoch, go háirithe i scoileanna beaga agus i roinnt ceantar tuaithe áit nach mbíonn scoileanna malartacha i gcónaí ar fáil, a bheith ag súil le líon iontrálacha scoile gan dul thar aon-seachtú den líon rollaithe. Mar sin, ligeann an Roinn do scoileanna dul thar a líon iontrálacha in aon bhliain amháin, **faoi réir pharagraif 8 go dtí 11 thuas (Polasaí maidir le Méid na Ranganna)**, gan cead na Roinne bheith de dhíth, mar seo a leanas:-

Líon Rollaithe	**% d'uasmhéadú atá ceadaithe ar líon iontralacha**
0-42	50%
43-70	30%
71-140	20%
141-350	10%

Beidh scoileanna a bhfuil líon rollaithe de níos mó na 350 acu ábalta daltaí a ligean isteach thar a líon iontrálacha, in aon bhliain amháin suas le huasmhéid de 5 daltaí, gan cead na Roinne a bheith de dhíth.

28. I **ngach** cás lena mbaineann paragraf 27, **ní mór** aon athrú ar líon iontrálacha a bheith san áireamh laistigh den líon rollaithe atá cinnte ag an Roinn.

29. Ní mór réamhchead na Roinne a iarraidh i gcúinsí nuair is mian le scoil:-

i. daltaí a ligean isteach thar an athrú atá ceadaithe in paragraf 27;

ii. dul thar a líon rollaithe; nó

iii. a líon rollaithe agus iontrálacha a laghdú.

30. Agus a leithéid de chead á iarraidh, ba chóir don Bhord Gobharnóirí sonraí iomlána a chur ar fáil faoi na pointí seo a leanas:

i. líon na n-iarratas ar áiteanna agus líon na ndaltaí atá le ligean isteach sa bhliain sin;

ii. an líon iontrálacha atá beartaithe sna blianta amach romhainn;

iii. rolluithe beartaithe na scoile;

iv. líon na ndaltaí i ngach rang, de réir aoisghrúpa don bhliain atá i gceist;

v. an dóigh a bhféachfadh scoil lena chinntiú nach mbeadh na daltaí atá ag freastal ar an scoil cheana faoi mhíbhuntáiste;

vi. aon athrú ar an chóiríocht atá ar fáil chun críocha teagaisc; agus

vi. ba chóir a dheimhniú, má cheadaítear méadú, go gcloífidh gach rang in Eochairchéim 1 leis an pholasaí maidir le méid na ranganna.

31. Agus í ag meas iarratais mar sin, cuirfidh an Roinn san áireamh aon uiríoll atá déanta ag an Bhord Oideachais agus Leabharlann i dtaca le gach scoil ina limistéar agus ag an CCMS i dtaca le scoil Chaitliceach faoi chothabháil. Lena chois sin, measfaidh an Roinn na rolluithe atá beartaithe ag an scoil agus an chóiríocht atá ar fáil do dhaltaí le húsáid agus beidh sí ag iarraidh bheith sásta go dtig leis an scoil leanúint leis an churaclam reachtúil a sheachadadh go héifeachtach dá cuid daltaí uile. Cuirfear an chóiríocht agus na rolluithe ag scoileanna in aice láimhe san áireamh fosta.

32. B'fhéidir go gceadódh an Roinn an líon rollaithe agus iontrálacha atá iarrtha ag an Bhord Gobharnóirí nó cibé líon eile a mheasann sí atá fóirsteanach.

33. **Nuair atá méadú sealadach ar líon iontrálacha ceadaithe, agus tá an t-iarratas i dtaca le páiste sa bhliainghrúpa tarraingthe siar ina dhiaidh sin, laghdófar an t-athrú ceadaithe dá réir. <u>Ní</u> cheadóidh an Roinn athrú sealadach ar líon rollaithe nó iontrálacha le rollú páistí a éascú atá faoin aois éigeantach scoile.**

ATHBHREITHNIÚ SUBSTAINTEACH AR LÍON ROLLAITHE AGUS IONTRÁLACHA

34. Má shíleann scoil go bhfuil a líon rollaithe níos lú ná a hacmhainn agus, dá thairbhe sin, go bhfuil a líon iontrálacha íseal nó, os a choinne sin, go bhfuil gá le laghdú ina líon rollaithe agus iontrálacha, b'fhéidir go n-iarrfadh an Bord Gobharnóirí ar an Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar a cinntí. Ba chóir iarratas mar sin a dhéanamh sa chéad téarma den scoilbhliain roimh an scoilbhliain ina mbeidh an t-athbhreithniú beartaithe i bhfeidhm agus ba chóir an t-eolas atá iarrtha i bparagraf 30 a chur isteach leis an iarratas.

35. I gcás go bhfuil an-éileamh ar áiteanna i scoil de bharr cúinsí áirithe ar nós fás gasta daonra, measfaidh an Roinn iarratais ón Bhord Gobharnóirí chun a líon rollaithe agus iontrálacha a athrú le méaduithe réamh-mheasta i rolluithe a chur san áireamh. Agus í ag meas iarratais mar sin, cuirfidh an Roinn san áireamh aon uiríoll atá déanta ag an Bhord Oideachais agus Leabharlann i dtaca le gach scoil ina limistéar agus ag an CCMS i dtaca le scoil Chaitliceach faoi chothabháil.

IONTRÁIL PÁISTÍ SEACHAS IAD SIÚD ATÁ SA GHNÁTH-AOISGHRÚPA

36. Ba chóir rollú páistí i ranganna Bhliain 2 go dtí Bliain 7 nó i gcás scoil naíonán [Bliain 2 go dtí Bliain 3] nó scoil shóisearach [Bliain 5 go dtí Bliain 7], i ngach cás inar féidir é, a éascú laistigh de líon rollaithe scoile ach taobh amuigh dá líon iontrálacha. I gcásanna eisceachtúla, dá rachfaí thar an líon rollaithe (m.sh. le linn na scoilbhliana, bogann páistí isteach i limistéar) bheadh an Roinn sásta breithniú a dhéanamh ar iarratas leis an t-uaslíon rollaithe a mhéadú don bhliain áirithe sin.

2012/13 LÍON ROLLAITHE AGUS IONTRÁLACHA

37. Cuirfidh an Roinn scoileanna ar an eolas faoina líon rollaithe agus iontrálacha don scoilbhliain 2012/13 i mí Dheireadh Fómhair 2011. Cuirfear an t-eolas sin ar fáil do Bhoird Oideachais agus Leabharlann fosta i gcás gach scoile ina limistéar agus don CCMS i gcás scoileanna Caitliceacha faoi chothabháil. Mura bhfuil Boird Gobharnóirí sásta leis na figiúirí, ba chóir uiríll a dhéanamh chuig an Roinn a luaithe agus is féidir i ndiaidh an dáta fógartha agus in aon cás tráth nach déanaí ná an 28 Deireadh Fómhair 2011.

38. Déanfaidh an Roinn breithniú ar uiríll ó Bhoird Gobharnóirí i dtaca lena líon rollaithe agus iontrálacha in éineacht le huiríll ar bith ó Bhoird Oideachais agus Leabharlann agus ón CCMS.

SOCRUITHE NA MBORD OIDEACHAIS & LEABHARLANN LE TUISMITHEOIRÍ A CHUMASÚ A ROGHA A CHUR IN IÚL I DTACA LEIS AN BHUNSCOIL AR MIAN LEO GO NDÉANFADH A BPÁISTE FREASTAL UIRTHI

39. Cuireann **Airteagal 9 den Ordú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 1997** ceanglas ar gach Bord Oideachais agus Leabharlann socruithe a dhéanamh le tuismitheoir páiste atá ina c(h)ónaí ina limistéar rogha a chur in iúl i dtaca leis an bhunscoil inar mian leo go gcuirfí oideachas ar fáil dá p(h)áiste agus fáthanna a thabhairt dá rogha scoil. Lena chois sin tugann sé le fios go nglacfar le tuismitheoir atá ag déanamh iarratais ar iontráil go díreach chuig scoil mar dhuine a léirigh rogha don scoil sin de réir socruithe Boird.

40. Faoi na Boird atá sé sonraí na socruithe a chinneadh a bheidh i bhfeidhm i ngach limistéar Boird. Déanfaidh Boird na socruithe a riaradh agus a chomhordú.

41. Cuireann paragraif 45-51 agus 61-65 treoir ar fáil do Bhoird ar na cineálacha socruithe atá ann le tuismitheoirí a chumasú lena roghanna a chur in iúl.

42. Tá treoir ar fáil do scoileanna in Paragraif 61-65 i dtaca le hiarratais iontrála a mheas.

FOIRMEACHA IARRATAIS

43. Moltar gur chóir go mbeadh ceanglas ar gach tuismitheoir atá ag iarraidh áit a fháil dá bpáiste gach eolas cuí a chur ar fáil do na scoileanna ar léirigh siad rogha ina leith. Chomh maith le heolas ar nós ainm (**mar atá tugtha ar an teastas breithe**), dáta breithe,

seoladh, deartháir/deirfiúr ag freastal cheana, ba chóir iarraidh ar thuismitheoirí **3 rogha ar a laghad** a ainmniú do scoileanna. Ba chóir béim a chur ar a thábhachtaí agus atá sé sin áit ar bith a bhfuiltear eolach ar bhrú ar áiteanna.

44. Siocair go bhfuil formáid chomónta in úsáid, ligeann sí do gach eolas cuí bheith curtha san áireamh, agus cinnteoidh sí go mbeidh aon scoil, a dtugtar iarratas iontrála páiste di, ábalta an t-iarratas a mheas bunaithe ar chritéir iontrála na scoile. **Laghdaíonn sé seo an gá le heolas breise a iarraidh ó thuismitheoirí.** Soláthróidh Boird foirmeacha iarratais chaighdéanacha; beidh siad ar fáil ó gach scoil agus foilseofar cóip leis an eolas faoi shocruithe iontrála. Féach fosta paragraif 45-51 agus 61-65.

FOILSIÚ EOLAIS

45. Cuireann **Airteagal 17 den Ordú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 1997** ceanglas ar gach Bord Oideachais agus Leabharlann sonraí na socruithe a fhoilsiú:-

- i dtaca leis an dóigh le roghanna tuismitheoirí a chur in iúl;
- i dtaca le iontráil daltaí ar scoileanna ina limistéir; agus
- i dtaca le tuismitheoirí a chumasú le hachomharc a dhéanamh in éadan cinntí iontrála.

46. Lena chois sin, cuireann na **Rialacháin Oideachais (Eolas Scoile agus Réamheolaire) (Tuaisceart Éireann) 2003** ceanglas ar gach Bord na nithe seo a leanas a fhoilsiú, i dtaca le gach scoil ina limistéar:

- líon rollaithe na scoile;
- líon iontrálacha na scoile don scoilbhliain atá i gceist;
- na feidhmeanna atá ag an Bhord Gobharnóirí agus ag an Phríomhoide faoi seach i dtaca le hiontrálacha ar an scoil;
- critéir iontrála na scoile; agus
- líon na n-iarratas a fhaightear agus líon na n-áiteanna atá ceadaithe i dtaca leis an scoilbhliain ina bhfoilsítear an réamheolaire agus i ngach ceann den 2 scoilbhliain roimhe sin agus líon na ndaltaí a ligeadh isteach sa scoil i ngach ceann de na trí scoilbhliain sin.

47. Le go mbeidh am ag tuismitheoirí a roghanna a chur in iúl, ní mór an t-eolas ginearálta faoi na socruithe rollaithe oscailte agus an t-eolas faoi scoileanna aonair bheith foilsithe tráth nach déanaí ná 6 seachtaine roimh an dáta ar ar féidir le tuismitheoirí rogha a chur in iúl do scoil (féach clár ama don scoilbhliain 2012/13 in Iarscríbhinn 1). Ba chóir go mbeadh treoir shoiléir do thuismitheoirí mar pháirt den eolas foilsithe i dtaca le cé acu ba chóir dóibh a n-iarratais a chur go díreach chuig scoileanna nó go dtí an Bord Oideachais agus Leabharlann; agus le sainiú, más cuí, cé acu gnáthamh a bhaineann le scoileanna áirithe.

48. I bhformhór na gcásanna, beidh bunscoileana fo-shuibscríofa i gcoibhneas lena líon iontrálacha, agus ní féidir socruithe le haghaidh iarratais a phróiseáil bheith curtha i

bhfeidhm ach amháin ag na scoileanna aonair iad féin. B'fhéidir go mbeadh Boird ag iarraidh socruithe a dhéanamh le gach iarratas bunscoile a láimhseáil i sainlimistéir áirithe, áit ar dhócha go mbeadh brú suntasach ar áiteanna.

49. Mar sin féin, má tá scoil ar bith ró-shuibscríofa, ba chóir don Bhord Oideachais agus Leabharlann chuí gach iarratas mírathúil don scoil sin a láimhseáil go lárnach. Ba chóir go mbeadh an Bord freagrach as gach iarratas mar sin a aistriú chuig scoileanna atá mar an dara rogha agus roghanna eile ina dhiaidh sin.

50. Faoi gach Boird atá sé, ar ndóigh, córas lárnach próiseála a chruthú d'iarratais chuig gach bunscoil ina limistéar má shíleann sé go bhfuil gá lena leithéid de shocruithe. Mar sin féin, ní mór béim a chur ar an phointe seo, go bhfanann an fhreagracht maidir le fíorchinntí iontrála le scoileanna aonair.

51. Le lear mór iarratas chéad rogha a dhímholadh, ba chóir do Bhoird smaoineamh ar fhógra a chur ar fhoirmeacha iarratais, le bheith sínithe ag tuismitheoirí an pháiste, nach ndearnadh aon iarratas ar iontráil ar scoil dheontaschúnta i leith an pháiste.

CRITÉIR IONTRÁLA

52. Tá sé mar aidhm ag critéir iontrála an Bord Gobharnóirí a chumasú le daltaí a roghnú le hiontráil ar scoil má tá sí ro-shuibscríofa le hiarratais. Fanann an fhreagracht le haghaidh critéir a dhréachtú leis an Bhord Gobharnóirí, agus ní mór dóibh na pointí seo a leanas a chur san áireamh:

- i ngach scoil, aon uiríoll a rinne an Bord Oideachais agus Leabharlann chuige; agus

- i gcás scoil Chaitliceach faoi chothabháil, aon uiríoll a rinne an CCMS chuige.

53. Ba chóir do Bhoird Gobharnóirí na scoileanna a chinntiú go bhfuil a gcritéir iontrála ar fáil luath go leor le go mbeidh Boird Oideachais agus Leabharlann ábalta iad a chur isteach san eolas atá de dhíth faoi pharagraf 46 thuas faoin dáta cuí. Féach paragraif 52-60 agus 66-71 le treoir a fháil faoi chritéir iontrála.

54. Baineann na **Rialacháin Bunscoileanna (Critéir Iontrála) (Tuaisceart Éireann) 1997 (SR 1997 No 438)** leis na critéir iontrála atá in úsáid ag bunscoileanna.

Tá ceanglas sna Rialacháin sin gur chóir:-

1. Beidh na nithe seo a leanas <u>mar pháirt de</u> na critéir iontrála:-

   i. an t-ord tosaíochta ina ligfear daltaí isteach sa scoil i gcás go bhfuil an scoil ro-shuibscríofa;

   ii. soláthar le tús áite a thabhairt do pháistí a bhfuil aois éigeantach scoile bainte amach acu ag an am atá beartaithe dá n-iontráil, thar iad siúd nach mbeidh aois éigeantach scoile bainte amach acu ag an am atá beartaithe dá n-iontráil; agus

   iii. soláthar le tús áite a thabhairt do pháistí a bhfuil cónaí orthu i dTuaisceart Éireann ag an am atá beartaithe dá n-iontráil ar an scoil i gcomparáid leo siúd nach bhfuil cónaí orthu i dTuaisceart Éireann.

2. **<u>Ní bheidh</u>** na nithe seo a leanas mar pháirt de na critéir iontrála:-

   i. soláthar do roghnú daltaí trí thagairt do chumas nó inniúlacht;

   ii. feidhmíocht dalta ar bith i dtriail nó i scrúdú a reáchtáil an Bord Gobharnóirí, nó a reáchtáladh thar a cheann; agus

3. Mar aon leis na ceanglais reachtacha sin, moltar nár chóir do chritéir iontrála tagairt a dhéanamh d'ord tosaíochta na dtuismitheoirí, .i. níl critéir chéad rogha ceadaithe.

55. Ó tharla go bhfuil an dóigh a gcuireann scoil i bhfeidhm a critéir iontrála ina príomhfhachtóir agus Binse Achomhairc ag meas achomharc tuismitheora in éadan cinneadh iontrála, tá sé riachtanach gur chóir go mbeadh na critéir iontrála:-

- liostaithe in ord tosaíochta;
- oibiachtúil;
- furasta a shoiléiriú; agus
- ábalta idirdhealú a dhéanamh idir daltaí síos go dtí an áit dheireanach atá ar fáil.

56. Ba chóir do Bhoird Gobharnóirí a chinntiú go bhfuil bunús oibiachtúil ann ar ar féidir cinntí mar sin a dhéanamh. Má tá líon daltaí ann a bhfuil éileamh cothrom ar áit acu ar chúiseanna eile, ba chóir critéar oibiachtúil – ar nós fad ó bhaile go scoil – a úsáid mar 'cheist réitigh' shimplí agus éifeachtach. Tá moladh na Roinne i dtaca le ceisteanna réitigh dírithe ar na modhanna seo a leanas anois:

- **Modh A – Aois:** Critéar a dhéanann tosaíocht ar iarratasóirí de réir aoise (is sine nó is óige) bunaithe ar dháta breithe de réir mar atá scríofa ar Theastas Breithe;
- **Modh B – Aibitir:** Critéar a chuireann iarratasóirí in ord tosaíochta; cuireann litreacha a n-ainm (mar atá scríofa ar Theastas Breithe) in ord, bunaithe ar ord na litreacha uile san aibitir. Tá gnáthchur síos ar an cheist réitigh seanbhunaithe sin, ag scoil (mar pháirt de Leabhrán Aistrithe foilsithe) mar seo a leanas:
  - "Roghnófar páistí le haghaidh iontrála ar bhonn thúslitir an tsloinne (mar atá ar an Teastas Breithe) san ord atá leagtha amach thíos:

    E M Y K T S L Mac Z Q O G N A Mc I H F V P R W D B C U J X
  - Cinneadh an t-ord seo trí rogha randamaithe de litreacha na haibitire.
  - I gcás go bhfuil sloinnte ag tosú leis an túslitir chéanna bainfear

úsáid as na litreacha a thagann ina diaidh in ord aibítre. I gcás dhá shloinne chomhionanna, bainfear úsáid as ord aibitíre thúslitreacha na réamhainmneacha."

- **Modh C – rogha randamach:** ábalta rian iniúchta soiléir a fhágáil (m.sh. rogha randamach ríomhairithe).

Níl na deacrachtaí oibriúcháin chéanna ag Modhanna A agus B i dtaca le próiseáil roghanna agus atá ag Modh C. Is iad na lagaí a bhaineann le Modhanna A agus B nach ndéanfaidh Modh A idirdhealú idir páistí a bhfuil an dáta breithe céanna acu agus ní dhéanfaidh Modh B idirdhealú idir páistí a bhfuil an t-ainm iomlán céanna orthu. Mar sin féin, má ligeann critéir iontrála scoile don scoil an "cheist réitigh Aoise" a chur i bhfeidhm i gcás nach bhfuil socrú ar fáil i ndiaidh "ceist réitigh aibitíre", nó *vice versa* beidh sé sin éifeachtach beagnach i gcónaí. I gcás nach bhfuil an meascán sin éifeachtach, má ligeann critéir iontrála scoile di ansin modh roghnúcháin randamaigh a chur i bhfeidhm, is féidir idirdhealú a dhéanamh ar dhaltaí a bhfuil an dáta breithe céanna acu agus an t-ainm iomlán céanna orthu.

Leis an úsáid is fearr a bhaint as critéir na ceiste réití, ba chóir do Bhord Gobharnóirí ceann amháin den dá mhodh seo a leanas a mheas:

- Modh A, ansin Modh B, ansin Modh C
- Modh B, ansin Modh A, ansin Modh C

I gcás go bhfuil suíomh tíreolaíochta bhaile an pháiste i dtaobh na scoile le cur san aireamh mar chritéar ba chóir é a dhéanamh soiléir cé acu tagraíonn sé sin do bhaile na dtuismitheoirí amháin nó an féidir le baile feighlí páistí bheith san áireamh. Moltar do Bhoird Gobharnóirí athbhreithniú a dhéanamh ar a gcritéir lena chinntiú go gcuireann a gcritéir d'iontráil sa bhliain 2012/13 an méid sin san áireamh.

57. **Tá sé tábhachtach a thabhairt do d'aire go mb'fhéidir go mbeadh sé de dhualgas ar scoileanna eolas atá istigh in iarratais iontrála a fhíorú má tá siad lena chinntiú go bhfuil a gcritéir iontrála á gcur i bhfeidhm mar is ceart. Le níos mó comhairle agus eolais ar an dualgas atá ar scoileanna ábhar a fhíorú, ba chóir an ciorclán seo a léamh in éineacht le Ciorclán 2011/20, rud a chuireann comhairle ar phríomhoidí agus ar Bhoird Gobharnóirí maidir leis an dualgas atá orthu eolas atá istigh in iarratais a fhíorú.**

AG SOCRÚ NA GCRITÉAR

58. Má chuireann scoil cúinsí speisialta (m.sh. fachtóirí leighis nó sóisialta) san áireamh ina critéir moltar gur chóir do na criteir ligean dóibh bheith san áireamh ag gach céim den ghnáthamh. Ba chóir do thuismitheoirí fianaise tacaíochta do chúinsí speisialta mar sin a chur ar fáil don scoil.

CUR I BHFEIDHM NA GCRITÉAR

59. Beidh na critéir iontrála, atá le húsáid ag scoileanna le daltaí a roghnú i gcás go bhfuil siad ro-shuibscríofa, i bhfeidhm do:-

- pháistí nach mbeidh an íosteorainn den aois éigeantach scoile bainte amach acu.

- pháistí atá 4 bliana d'aois nach bhfuil an íosteorainn den aois éigeantach scoile bainte amach acu I GCÁS go bhfuil polasaí ag scoil cheana féin páistí mar sin a rollú. [Féach paragraif 66 go 71]

- beidh na critéir i bhfeidhm **fosta** d'iontráil páistí ar bhunscoil, atá rollaithe cheana féin i rang naíscoile atá ceadaithe ag an scoil. Cuireann Airteagal 32(6) agus 90(3) den Ordú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 1998 ceanglas ar Bhoird Gobharnóirí bunscoileanna, a bhfuil ranganna naíscoile ceangailte leo, critéir a dhréachtú agus a leasú ó am go ham, a bheidh le cur i bhfeidhm le páistí a roghnú do ranganna mar sin.

60. Ba chóir critéir ar leith a dhréachtú d'iontráil paistí i ranganna Bhliain 2 go dtí Bliain 7 nó i gcás naíonán (Bliain 2 go Bliain 3) nó scoil shóisearach (Bliain 5 go Bliain 7). Ba chóir do Bhoird Oideachais agus Leabharlann iad a fhoilsiú de réir mar is gá faoi Rialacháin chuí. Féach paragraif 45 go 46.

IARRATAIS Á MEAS AG SCOILEANNA

61. Ba chóir do scoileanna gach iarratas ar iontráil a mheas de réir an chláir ama atá leagtha amach ag an Bhord. I scoileanna atá ró-shuibscríofa, ba chóir foirmeacha iarratais do dhaltaí nár glacadh leo ag an scoil, a bhí mar chéad rogha acu, a chur ar fáil **go gasta** don scoil a bhí mar an dara rogha ag na tuismitheoirí. Ba chóir an próiseas sin a leanúint arís agus arís eile go dtí go bhfuil áit faighte ag gach dalta. **Ní mór do scoileanna cloí go daingean leis na dátaí do chur ar ais na bhfoirmeacha iarratais ag gach céim den phróiseas.**

62. Níor chóir do scoileanna tuismitheoirí a chur ar an eolas maidir le toradh na n-iarratas go dtí go bhfuil deireadh le dáileadh na n-áiteanna (11 Aibreán 2012). Sa dóigh sin, beifear ábalta aon achomharc in éadan chinntí iontrála na scoileanna a mheas le linn théarma an tsamhraidh.

63. I gcás nár éirigh le rogha ar bith a bhí ag tuismitheoirí, ba chóir don Bhord roghanna breise a iarraidh ó na tuismitheoirí go dtí go bhfuil áit faighte ag gach dalta. Ba chóir tús áite a thabhairt d'iarratais phoncúla (.i. iad siúd a fhaightear faoin dáta deiridh atá sainithe d'iarratais bheith faighte) sa phróiseas iontrála agus ba chóir na háiteanna atá ar fáil a dháileadh orthu. Tig le scoileanna fo-shuibscríofa áiteanna atá fágtha a dháileadh ar iarratasóirí "malla" ansin. I gcás go mbíonn áiteanna ar fáil ina dhiaidh sin i scoileanna ró-shuibscríofa, ba chóir iarratais phoncúla mhírathúla a mheas ar bhonn cothrom le haon iarratas "mall" a fhaightear i ndiaidh an dáta deiridh atá sonraithe, agus áiteanna dáilte ar na páistí a shásaíonn critéir iontrála na scoileanna sa dóigh is fearr.

64. Ba chóir do shocruithe ginearálta na mBord tuismitheoirí a chumasú le cóipeanna den eolas atá foilsithe ar scoileanna a fháil ach é a iarraidh. Ba chóir cóipeanna tagartha a choinneáil in oifigí Boird agus i ngach scoil agus leabharlann phoiblí i limistéar an Bhoird.

65. Lena chois sin, ba chóir don Bhord eolas a fhoilsiú i nuachtáin atá ar fáil i limistér an Bhoird, ag tabhairt le fios go bhfuil na leabhráin ar fáil agus an dáta faoinar chóir iarratais ar iontráil ar bhunscoileanna a bheith déanta. B'fhéidir go mbeadh boird ag iarraidh poiblíocht ghinearálta a chur ar fáil, i gcomhpháirtíocht lena chéile, sna meáin réigiúnacha, m.sh. teilifís, raidió, nuachtáin srl. ag am cuí, le réamhfhógra a thabhairt do thuismitheoirí páistí atá ag dul i dtreo aois éigeantach scoile, go bhfuil gá le hiarratais a dhéanamh ar na bunscoileanna is fearr leo.

IONTRÁIL PÁISTÍ ATÁ FAOIN AOIS ÉIGEANTACH SCOILE

66. Tá polasaí na Roinne maidir le hiontráil páistí mar sin (ar a dtugtar páistí réamhbhliana) ar bhunscoil leagtha amach in Ciorclán 1990/27. Mar sin féin, leag an doiciméad polasaí *Ag Infheistiú sa Luathfhoghlaim* (Aibreán 1998) amach rún na Roinne soláthar fóirsteanach malartach a chur in áit soláthar réamhbhliana thar am, soláthar a fhreastlaíonn ar chaighdeáin an Chláir Forleathnaithe Réamhscolaíochta.

Léirigh *Ag Infheistiú sa Luathfhoghlaim*, mar chéad chéim, nach mbeadh AON SOLÁTHAR ÚR RÉAMHBHLIANA i mbunscoileanna .i. soláthar i scoileanna nach raibh rang nó grúpa réamhbhliana iontu sa scoilbhliain 1998/99 maoinithe ó Mheán Fómhair 1999. Tá sé mar aidhm ag an chuid seo den Chiorclán soiléiriú a thabhairt i dtaca leis an dóigh a bhfeidhmíonn an polasaí seo.

67. **Ba chóir do scoileanna a bhfuil sé de PHOLASAÍ ACU CHEANA FÉIN PÁISTÍ FAOIN AOIS ÉIGEANTACH SCOILE A ROLLÚ na pointí seo a leanas a chur san áireamh:-**

i. tá tosaíocht ag páistí atá ag aois éigeantach scoile agus ní mór glacadh leo suas go dtí, ach gan dul thar, líon iontrálacha scoile; agus

ii. bíonn gach áit atá fágtha le haghaidh iontrála, i ndiaidh glacadh le páistí atá ag an aois éigeantach scoile, ar fáil do pháistí faoin aois éigeantach scoile. **Féach paragraf 68.**

iii. bainfear úsáid as critéir iontrála scoile le páistí a roghnú atá faoin aois éigeantach scoile le haghaidh iontrála i gcás go bhfuil líon na bpáistí sin níos mó ná líon na n-áiteanna atá fágtha; agus

iv. ní gá do pháistí faoin aois éigeantach scoile a ligtear isteach i scoil in aon bhliain (seachas chuig rang naíscoile ceadaithe) athiontráil a iarraidh agus iad aistrithe go dtí Bliain 1 sa scoil chéanna sa scoilbhliain ina dhiaidh sin.

68. I líon beag scoileanna, áit a raibh sé mar pholasaí agus mar chleachtas acu páistí atá faoin aois éigeantach scoile a ligean isteach, d'fhéadfadh an t-éileamh ar áiteanna ó pháistí ag an aois éigeantach scoile laghdú a chúisiú i líon na bpáistí faoin aois éigeantach scoile ar féidir glacadh leo. I gcúinsí mar sin, agus i bhfianaise an cheanglais reachtúil tosaíocht a thabhairt do pháistí atá ag an aois éigeantach scoile, b'fhéidir go mbeadh scoileanna ag iarraidh inmharthanacht a gcuid polasaithe a athbhreithniú le glacadh le páistí atá faoin aois éigeantach scoile. **<u>Mura</u> bhfuil polasaí reatha ag scoileanna i dtaca le breithniú a dhéanamh ar iontráil páistí a bheidh faoin aois éigeantach scoile ag an am atá beartaithe dá n-iontráil <u>níl</u> cead acu a leithéid de pholasaí a thabhairt isteach fiú má tá spás ann laistigh dá líon rollaithe agus iontrálacha de réir mar atá sonraithe ag an Roinn.**

69. **Má bhí scoil ag glacadh le páistí réamhbhliana agus faigheann sí amach i mbliain áirithe nár rollaíodh duine ar bith acu, ba chóir an Bord Gobharnóirí athbhreithniú a dhéanamh ar an pholasaí i bhfianaise soláthar níos fóirsteanaí bheith ar fáil ina limistéar.**

70. **NÍ MÓR** do Bhoird Gobharnóirí a chur in iúl ina gcritéir iontrála go bhfuil sé de pholasaí ag an scoil páistí mar sin a mheas le haghaidh iontrála.

71. Beidh an Roinn ag leanúint le cúrsaí a mheas i dtaca le maoiniú soláthar réamhbhliana agus trí sin a dhéanamh iarrfaidh sí comhairle agus moltaí ó na Grúpaí Comhairleacha Réamhscolaíochta (GCRanna) agus rachaidh sí i gcomhairle leis na húdárais chuí scoile sula ndéanann sí cinntí agus sula gcuireann sí na scoileanna atá i gceist ar an eolas.

ACHOMHAIRC

72. Cuireann **Airteagal 15 den Ordú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 1997** ceanglas ar Bhoird Oideachais agus Leabharlann socruithe a dhéanamh a chumasaíonn páistí achomharc a dhéanamh mura bhfuil siad sásta le cinneadh iontrála. Déanfar an t-achomharc chuig Binse Achomhairc a bheidh curtha le chéile ag an Bhord Oideachais agus Leabharlann chuí de réir na **Rialachán maidir le hIontrálacha Scoile (Binsí Achomhairc) (Tuaisceart Éireann) 1998 (SR 1998 No 115).**

73. Ba chóir do Bhoird Oideachais agus Leabharlann sonraí a fhoilsiú ar na socruithe atá ann d'achomhairc in éadan cinntí iontrála atá déanta ag scoileanna ina limistéar Boird faoi seach. Ní thig le tuismitheoirí achomharc a dhéanamh chuig binse mar gheall ar chinneadh a dhiúltaíonn dá bpáiste iontráil ar scoil ach amháin ar an bhunús nár chuir an Bord Gobharnóirí, a rinne an cinneadh nó a ndearnadh an cinneadh thar a cheann, a chritéir iontrála i bhfeidhm, nó ar an bhunús nár chuir sé i bhfeidhm mar is ceart iad.

74. I gcás nach ligtear páistí isteach sa scoil a bhí mar chéad rogha nó rogha ar bith eile na dtuismitheoirí, ba chóir don Bhord Oideachais agus Leabharlann comhairle a chur ar thuismitheoirí faoi scoileanna eile ina bhfuil áiteanna ar fáil, ionas nach mbaintear céim an achomhairc amach go dtí go bhfuil triail bainte as gach modh réitigh eile. Mar sin féin, ní chuireann sé sin isteach ar cheart reachtúil na dtuismitheoirí achomharc a dhéanamh.

75. Tá cinntí na mBinsí Achomhairc ina cheangal ar gach páirtí agus, dá bhrí sin, i dtaca le hachomharc rathúil de, ligfear daltaí isteach i scoil i gcomhlíonadh le treoir atá tugtha ag Binse Achomhairc, fiú amháin i gcás go mbeidh an scoil ag dul thar a líon iontrálacha agus/nó rollaithe.

CLÁR AMA

76. Tá clár ama le haghaidh fheidhmiú na socruithe seo i daca le hiontrálacha sa scoilbhliain 2012/13 ceangailte mar a bheadh Iarscríbhinn ann. Cuirtear i gcuimhne do phríomhoidí gur gá dóibh cloí le gach dáta atá leagtha amach sa chlár ama.

SOCRUITHE IOMPAIR

77. Cuirfidh na Boird Oideachais agus Leabharlann cúnamh ar fáil i dtaca le hiompar do dhalta bunscoile go dtí an scoil is fóirsteanaí agus is giorra i gcás go bhfuil baile an dalta níos mó ná 2 mhíle ar shiúl ón scoil sin, fad is gur chuir tuismitheoir(í) isteach ar, agus diultaíodh áit dóibh ag **gach** scoil fhóirsteanach eile atá níos giorra laistigh de dhá mhíle óna bhaile. Is é an rud a bhíonn i gceist le cúnamh de ghnáth suíochán ar bhus ach b'fhéidir go gcuirfí cineálacha eile cuidithe ar fáil ina áit, ar nós liúntas in ionad iompair.

78. Ba chóir tuismitheoirí a chur ar an eolas go mb'fhéidir go dtiocfadh athrú ar chritéir cháilitheachta iompair, ar cháilitheacht agus ar shocruithe le linn dá bpáiste bheith ag freastal ar scoil áirithe de bharr athruithe ar pholasaí na Roinne nó coigiltis sa bhuiséad iompair. Ba chóir é seo a chur san áireamh agus scoileanna á roghnú acu.

PAUL PRICE
Ceannaire Fhoireann Rochtain Scoile

IARSCRÍBHINN 1

CLÁR AMA

Meán Fómhair 2011	Déanann Bord Gobharnóirí athbhreithniú ar pholasaithe iontrála.
23 Meán Fómhair 2011	Dáta deiridh do scoileanna le polasaithe iontrála athbhreithnithe a sheoladh ar aghaidh chuig Boird.
14 Deireadh Fómhair 2011	Cuireann an Roinn an Bord Gobharnóirí ar an eolas faoin líon rollaithe agus iontrálacha do gach scoil.
28 Deireadh Fómhair 2011	Dáta deiridh do scoileanna uiríll a dhéanamh faoin líon rollaithe agus iontrálacha don bhliain 2012/13.
Tráth nach déanaí ná an 2 Mí na Nollag 2011	Foilsíonn Boird eolas faoi scoileanna.
18 Eanáir 2012 (Tráth nach déanaí ná 12 meán lae)	Dáta deiridh d'iarratais na dtuismitheoirí a bheith faighte ag bunscoileanna atá mar chéad rogha acu
27 Eanáir 2012	Dáta faoina roghnaíonn scoileanna daltaí ag céim an chéad rogha agus an dáta faoinar chóir fhoirmeacha iarratais na ndaltaí nár roghnaíodh bheith faighte ag Boird le haistriú chuig scoileanna atá liostaithe mar an dara rogha.
14 Feabhra 2012	Dáta faoina roghnaíonn scoileanna daltaí ag céim an dara rogha agus an dáta faoinar chóir foirmeacha iarratais na ndaltaí nár roghnaíodh bheith faighte ag Boird le haistriú chuig scoileanna atá liostaithe mar an tríú rogha.
24 Feabhra 2012	Dáta faoina roghnaíonn scoileanna daltaí ag céim an tríú rogha agus an dáta faoinar chóir foirmeacha iarratais na ndaltaí nár roghnaíodh bheith faighte ag Boird.
9 Márta 2012	Gach rogha eile socraithe ag an Bhord i gcomhairle le scoileanna agus iad ag comhordú roghnú na ndaltaí laistigh de líon iontrálacha comhaontaithe.
16 Márta 2012	Dáta deiridh faoina nglacfar le hathrú roghanna i gcúinsí eisceachtúla nó le heolas breise.

18 Aibreán 2012	Litreacha eisithe ag scoileanna/boird ag tabhairt le fios do thuismitheoirí cé acu bunscoil a ghlac/nár ghlac lena bpáiste.
30 Aibreán 2012 (4.00pm)	Dáta deiridh d'fhógra bheith faighte ag Boird go bhfuil sé ar intinn ag duine achomharc a dhéanamh in aghaidh cinntí iontrála bunscoileanna.